2027.M4S2T

2027L006A1IS2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 2

Laidin

Ardleibhéal

2 uair 30 nóiméad

300 marc

Scrúduimhir

Dáta Breithe / /

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

Ná scríobh ar an leathanach seo

Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí i bpeann gorm nó dubh.
Níl cead agat peann luaidhe a úsáid, lena n-áirítear pionsail dathadóireachta, **ach amháin** le haghaidh líníochtaí nó léaráidí.

Scríobh do fhreagraí go léir sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás freagartha breise ag deireadh gach roinne, agus spás le haghaidh obair gharbh ag deireadh an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise dá leithéid go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora ar scáileán. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de limistéir na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Roinn A: Príomhthéacs **100 marc**

- Freagair na ceisteanna atá ann.

Roinn B: Téacsanna Neamhfheicthe **200 marc**

- Freagair na ceisteanna atá ann.

Tá na giorrúcháin thíos in úsáid sna gluaiseanna ar an scrúdpháipéar seo:

f. = firinscneach b. = baininscneach n. = neodrach iol. = iolra

infin. = briathar infinideach

ainm. = tuiseal ainmneach

gairm. = tuiseal gairmeach

cusp. = tuiseal cuspóireach

` gin. = tuiseal ginideach

tabh. = tuiseal tabharthach

ochs. = tuiseal ochslaíoch.

Roinn A	Príomhthéacs	100 marc

Freagair Ceist 1 **agus** Ceist 2.

Ceist 1 **60 marc**

Léigh Téacs A agus freagair **gach ceann** de na ceisteanna a leanas.

Téacs A: an *Aeinéid*, Leabhar 4

"Anna, fatebor enim, miseri post fata Sychaei
coniugis et sparsos fraterna caede Penates,
solus hic inflexit sensus, animumque labantem
impulit: adgnosco veteris vestigia flammae.
Sed mihi vel tellus optem prius ima dehiscat, 5
vel Pater omnipotens adigat me fulmine ad umbras,
pallentes umbras Erebi noctemque profundam,
ante, Pudor, quam te violo, aut tua iura resolvo.
Ille meos, primus qui me sibi iunxit, amores
abstulit; ille habeat secum servetque sepulchro." 10
Sic effata sinum lacrimis implevit obortis.

(a) Déan anailís ar na focail thíos a bhfuil líne fúthu i dTéacs A: *fraterna caede, umbras, Pudor.*

(i) Tabhair tuiseal, inscne, uimhir **agus** brí gach ainmfhocail sa tábla thíos.

	caede	**umbras**	**Pudor**
tuiseal			
inscne			
uimhir			
brí			

(ii) Mínigh an chúis a bhfuil gach ainmfhocal sa tuiseal a shainaithin tú i gcuid **(i)**.

caede:
umbras:
Pudor:

(iii) Déan trácht ar chomhthéacs cultúrtha **nó** liteartha *fraterna caede*, *umbras* **nó** *Pudor* i dTéacs A.

(b) Freagair na ceisteanna a leanas faoi mheadaracht san *Aeinéid* le Veirgil.

(i) Scan meadaracht líne 3.

solus hic inflexit sensus, animumque labantem

(ii) Tabhair buntáiste **amháin** le scanadh a fhoghlaim agus staidéar á dhéanamh ar an *Aeinéid* le Veirgil.

(c) Cuir Gaeilge ar línte 9-11, atá le fáil thíos.

"Ille meos, primus qui me sibi iunxit, amores
abstulit; ille habeat secum servetque sepulchro."
Sic effata sinum lacrimis implevit obortis.

(d) Conas a úsáidtear teanga dhrámata i dTéacs A chun cur síos a dhéanamh ar théama *amor*? Déan anailís ar an Laidin i dTéacs A chun tacú le do fhreagra.

Spás Roghnach Pleanála:

Ceist 2 **40 marc**

Léigh Téacs B, Téacs C agus Téacs D agus freagair **ceann amháin** de na ceisteanna a leanas. Is sliocht as Leabhar 4 den *Aeinéid* le Veirgil atá i dTéacs B. Is dhá aistriúchán dhifriúla Gaeilge ar Théacs B atá i dTéacs C agus Téacs D.

Téacs B: an *Aeinéid*, Leabhar 4

"Pro Iuppiter, ibit
hic" ait "et nostris inluserit advena regnis?
Non arma expedient, totaque ex urbe sequentur,
deripientque rates alii navalibus? Ite,
ferte citi flammas, date vela, impellite remos! – 5
Quid loquor, aut ubi sum? Quae mentem insania mutat?
Infelix Dido, nunc te facta impia tangunt."

Téacs C: Aistriúchán le Bartsch

"Ó, a Iúpatair! An imeoidh sé mar sin,
An t-eachtrannach a rinne fonóid faoi mo ríocht?
Nár cheart dúinn gach uirlis troda sa chathair a fháil
agus dul sa tóir air? Déanaigí deifir, tarraingígí longa ó na dugaí,
gabhaigí tóirsí, tugaigí amach claimhte, tarraingígí ar bhur maidí rámha! –
Cad iad na focail seo? Cá bhfuil mé? Cén bhaois í seo?
A Dhíodó bhocht, an dtéann a ghníomhartha aindiaga i bhfeidhm ort anois?"

Téacs D: Aistriúchán le West

"Ó, a Iúpatair! An imeoidh an diúlach seo, agus ceap magaidh a dhéanamh dár ríocht? Cén fáth nach bhfuil siad ag rith chun airm a ghlacadh agus ag teacht ó áiteanna ar fud na cathrach chun dul sa tóir air? Agus ba cheart do dhaoine eile a bheith ag brú longa as na dugaí. Imígí! Tugaigí libh urchair agus brostaígí! Tugaigí amach na huirlisí troda! Tarraing ar na maidí rámha! – Céard atá á rá agam? Cá bhfuil mé? Cén bhaois í seo a athraíonn mo rún? A Dhíodó bhocht, rinne tú éagóir agus níl tú ach á tabhairt faoi deara anois."

(a) Roghnaigh Téacs C **nó** Téacs D agus measúnaigh é mar aistriúchán ar an mbuntéacs Laidine i dTéacs B.

NÓ

(b) Cé acu aistriúchán is fearr, dar leat? Úsáid samplaí as Téacs C **agus** Téacs D araon agus bíodh tagairt agat don Laidin bhunaidh i dTéacs B chun tacú le do fhreagra.

Spás Roghnach Pleanála:

Freagra ar Cheist 2, cuid

Spás breise freagartha le haghaidh Roinn A:

Roinn B	Téacsanna Neamhfheicthe	200 marc

Freagair Ceist 3, Ceist 4 **agus** Ceist 5.

Ceist 3 **90 marc**

Léigh Téacs E agus freagair **gach ceann** de na ceisteanna a leanas. Tá na focail atá i gcló trom tugtha in ord aibítre sa ghluais thíos.

(a) Cuir Gaeilge ar Théacs E. Déantar cur síos i dTéacs E ar an gcaoi a raibh áilleacht na mná óige Sícé inchurtha le háilleacht Véineas, rud a chur fearg ar an mbandia.

Téacs E: bunaithe *ar Metamorphoses* le Apuleius.

erant in quadam civitate rex et regina. hi tres filias **forma conspicuas** habuerunt. puella iunior, cuius nomen erat Psyche, tam **praecipua** et tam praeclara erat ut pulchritudo eius **exprimi** non posset. multi cives **advenae**que eam ut deam Venerem **venerabantur**. haec **immodica translatio** honorum caelestium ad virginem mortalem animos Veneris vehementer incendit.

dea vocavit **confestim** puerum suum **pinnatum**, flammis et sagittis armatum, et ei dixit "ego te oro: pulchritudinem superbam illius feminae graviter **vindica**! virgo illa amore **flagrantissimo** hominis **extremi** teneri debet." Psyche ergo spectabatur et laudabatur ab omnibus; nemo tamen, neque rex neque unus de plebe **saltem**, matrimonium cum ea petivit. 5

advena, -ae (f.) = strainséir, eachtrannach	immodicus, -a, -um = míchuíosach, iomarcach
confestim = láithreach	pinnatus, -a, -um = eiteach
conspicuus, -a, -um = suaithinseach	praecipuus, -a, -um = speisialta
exprimo, -ere, expressi, expressum = cuir in iúl	saltem = ná fiú
extremus, -a, -um = is ísle, is lú tábhacht	translatio, -onis (b.) = ag aistriú, aistriú
flagrans, -antis = thar na bearta, paiseanta	veneror, -ari, -atus sum = adhair
forma, -ae (b.) = deilbh, áille	vindico, -are, -avi, -atum = cuirim pionós ar

Spás Roghnach Pleanála:

(b) Tabhair an briathar *habere* sna foirmeacha Laidine a leanas:

Gníomhach, ordaitheach, 2ú pearsa, iolra	
Neamhfhoirfe, gníomhach, foshuiteach, gníomhach, 3ú pearsa iolra	
Foirfe, gníomhach, infinideach	
Láithreach, ghníomhach, rangabháil, ainmneach, iolra, firinscneach	
Fáistineach, céasta, táscach, 3ú pearsa, uatha	

(c) Tabhair breac-chuntas ar roinnt gnéithe stíle de phrós Laidine, agus úsáid sampla **amháin ar a laghad** as Téacs E.

Ceist 4 **80 marc**

Léigh Téacs F agus freagair i nGaeilge **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. I dTéacs F, scríobhann Livias faoi theacht Aeinéas chuig an Iodáil. Tá na focail i gcló trom tugtha in ord aibítre sa ghluais thíos.

Téacs F: bunaithe ar *Ab Urbe Condita* le Livias

satis constat Aenean domo profugum, primo in Macedoniam venisse, inde ad Siciliam quaerentem sedes navigavisse, ab Sicilia classe ad **Laurentinum** agrum tenuisse. ibi egressi sunt Troiani. cum praedam ex agris agerent, Latinus rex **Aborigines**que, qui tum tenebant loca, armati ex urbe atque agris concurrerunt. **duplex** inde fama est: alii proelio victum Latinum pacem cum Aenea iunxisse dicunt; alii Latinum processisse inter **primores**, ducemque **advenarum** evocavisse ad **conloquium** et **percontatum esse** qui essent, unde profecti essent quidve quaerentes in agrum **Laurentinum** exissent. 5

postquam Latinus audivit Troianos esse, ducem Aenean, filium Anchisae et Veneris, ad condendam urbem locum quaerere, **admiratus est** nobilitatem gentis virique et animum Aeneae vel bello vel paci paratum et, dextra data, fidem futurae amicitiae **sanxit**. 10

Aborigines, -um (f. iol.) = bundúchasaigh
admiror, -ari, -atus sum = gnaoi a bheith ar
advena, ae (f.) = duine nuathagtha, strainséir
conloquium, -ii (n.) = comhdháil
duplex, duplicis = dara
Laurentinus, -a, -um = Labhrásach
percontor, -ari, -atus sum = a fhiafraí
primoris, -is (f.) = taoiseach
sancio, -ire, sanxi, sanctum = daingnigh
satis constat = ‘a aontaítear go ginearálta’

(a) Ainmnigh **dhá** rud a aontaítear go ginearálta dar le Livias.

1.
2.

(b) Ainmnigh **agus** mínigh an struchtúr gramadaí a tugadh isteach leis na focail *satis constat* sa chéad abairt (línte 1-2).

(c) Cén sórt briathair é *egressi sunt* (líne 2)? Mínigh cad a dhéanann an sórt seo briathair uathúil.

(d) Nuair a tháinig na Traígh, cad a rinne an Rí Latinus agus na bundúchasaigh **agus** cén fáth?

Gníomh:
Cúis:

(e) Sa dara leagan den eachtra, luaigh **dhá** rud a rinne Latinus.

(f) Tabhair aimsir, modh agus príomhranna Laidine *profecti essent* i líne 6.

Aimsir agus modh:
Príomhranna:

(g) Sa dara leagan den eachtra, cad iad na **trí** cheist a fhiafraíonn Latinus d'Aeinéas agus de na Traígh?

(h) De réir théacs F, cén príomhsprioc a bhí ag Aeinéas agus na Traígh ar theacht chun na hIodáile dóibh?

(i) Cuireann an frása *animum vel bello vel paci paratum* síos ar charachtar Aeinéas i dTéacs F. An gceapann tú gur cur síos cruinn ar Aeinéas atá ann bunaithe ar an staidéar a rinne tú ar an *Aeinéid* le Veirgil? Mínigh do fhreagra.

(j) Roghnaigh **trí** rangabháil Laidine i dTéacs F. Tabhair an aimsir **agus** aistriúchán do gach ceann.

Rangabháil Laidine as Téacs F	Aimsir	Aistriúchán Gaeilge

Ceist 5 **30 marc**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna a leanas.

(a) Roghnaigh **téacs amháin ar a laghad** as Roinn B (Téacs E, Téacs F). Cad a d'fhoghlaim tú faoi luachanna na Sean-Rómhánach ón téacs/ó na téacsanna? Mínigh do fhreagra le hanailís theangabhunaithe.

NÓ

(b) An gceapann tú go bhfuil litríocht Laidine nó an teanga féin ábhartha i saol an lae inniu? Mínigh do fhreagra le fianaise ó **aon** téacs **ar bith** nó gné de theanga ar a ndearna tú staidéar **seachas** an *Aeinéid* le Veirgil.

Spás Roghnach Pleanála:

Freagra ar Cheist 5, cuid

Spás Freagartha Breise le haghaidh Roinn B:

Obair Gharbh:

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

Admhálacha

Téacsanna
Lch. 8:
Téacs C: Aist. Bartsch, S. *The Aeneid*, (2020), Profile Books
Téacs D: Aist. West, D. *The Aeneid*, (1991), Penguin

Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

Laidin

Sampla 2

2 uair 30 nóiméad